# Aontachtóirí míshásta le cinneadh Chonradh na Gaeilge




Eochairfhocail: Aontachtóirí, rún, cinneadh, bunreacht, Éire Aontaithe, fís, comhionannas

Príomhscileanna: éisteacht, scríobh, léitheoireacht, labhairt

**Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:**

1. Cén fáth a bhfuil roinnt Aontachtóirí míshásta leis an gcinneadh a ghlac Conradh na Gaeilge?
2. Cén chathair ina raibh Ard-Fheis Chonradh na Gaeilge ar siúl ag an deireadh seachtaine?
3. Cén rún conspóideach a glacadh ag an Ard-Fheis?
4. An bhfuil Máirín Hurndall sásta gur glacadh leis an rún? Cén aidiacht a úsáideann sí a dhéanann cur síos ar ghlacadh an rúin?
5. Cén leas a bhainfidh daoine achrannacha cosúil le Jamie Bryson as cinneadh seo an Chonartha, dar le Máirín?
6. An eagraíocht pholaitiúil nó neamhpholaitiúil í Conradh na Gaeilge?
7. Cén saghas sochaí a theastaíonn ón nglúin óg de ghníomhaithe nua, dar leis an Dr Pádraig Ó Tiarnaigh?
8. Ainmnigh an comhaontú a luann an Dr Pádraig Ó Tiarnaigh ina ghiota cainte?
9. Cé mhéad ball de chuid an Chonartha a chuir i gcoinne an rúin Dé Sathairn?
10. An gceapann tú gur cheart don Chonradh tuairim pholaitiúil a nochtadh nó an dóigh leat gur cheart don eagraíocht fanacht glan amach ón bpolaitíocht? Cén fáth?



Foghlaim TG4

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

## Gníomhaíocht Smaointeoireachta: aimsigh na deich mbotún

**Ag obair le do pháirtí ranga, léigí an sliocht seo a leanas faoi Chonradh na Gaeilge agus aimsígí na deich mbotún atá ann.**

Eagraíocht thar a bheith tábhachtach i stair na (1)hÉirinn atá i gConradh na Gaeilge. Bunaíodh an (2)eagraiocht sa bhliain ocht déag nócha trí agus b'í an phríomhaidhm a bhí ag an eagraíocht ná an (3)Gaeilge a chaomhnú agus a neartú mar theanga labhartha in Éirinn. Ba é (4)dubhghlas de hÍde an chéad uachtarán a bhí ag Conradh na Gaeilge. Eagraíocht neamhpholaitiúil a bhí sa Chonradh ón tús ach ba mhinic gur (5)d'éirigh le ceisteanna móra polaitíochta an lae dul i gcion ar (6)bhall an Chonartha thar na blianta. Bhí tionchar mór ag Conradh na Gaeilge ar chur chun cinn na Gaeilge sa (7)státcóras i mblianta luatha an tSaorstáit, sna naoi déag fichidí, ach laghdaigh ar thionchar an Chonartha de réir mar a lean an (8)fhichiú haois ar aghaidh. Anois, sa lá atá (9)inniú ann, tá an Conradh gníomhach i bhfeachtais éagsúla cosúil le (10)ceartaí teanga agus reachtaíocht teanga agus i gcur chun cinn an ghaeloideachais ar fud na hÉireann.



## Gníomhaíocht Scríbhneoireachta

*Leasófar bunreacht na heagraíochta chun gníomhú i dtreo Éire Aontaithe ar leas na Gaeilge agus na Gaeltachta.*

**Seo é an rún conspóideach a glacadh ag Ard-Fheis Chonradh na Gaeilge ar an Satharn. Ag obair le do pháirtí ranga, breacaigí síos 3 chúis i bhfábhar an rúin sin agus 3 chúis ina choinne. Déanaigí taighde ar líne, más gá.**

*i bhfábhar an rúin:*

i gcoinne an rúin:

## Freagraí

1. Scriosfaidh cinneadh an Chonartha maidir le haontú na tíre an dul chun cinn atá déanta ó thaobh na Gaeilge de sa phobal Aontachtach, dar leo
2. Béal Feirste
3. Chun bunreacht na heagraíochta a leasú chun gníomhú i dtreo Éire Aontaithe ar leas na Gaeilge agus na Gaeltachta
4. Níl, tubaisteach
5. Déarfaidh leithéidí Jamie gur fronta í gluaiseacht na Gaeilge faoi choinne forghabháil a dhéanamh ar Aontachtóirí i dTuaisceart Éireann
6. Eagraíocht neamhpholaitiúil
7. Sochaí atá bunaithe ar an gcomhionannas agus ar chearta daonna
8. Comhaontú Aoine an Chéasta
9. Ceathrar

Eagraíocht thar a bheith tábhachtach i stair na hÉireann atá i gConradh na Gaeilge. Bunaíodh an eagraíocht sa bhliain ocht déag nócha trí agus b'í an phríomhaidhm a bhí ag an eagraíocht ná an Ghaeilge a chaomhnú agus a neartú mar theanga labhartha in Éirinn. Ba é Dubhghlas de hÍde an chéad uachtarán a bhí ag Conradh na Gaeilge. Eagraíocht neamhpholaitiúil a bhí sa Chonradh ón tús ach ba mhinic gur éirigh le ceisteanna móra polaitíochta an lae dul i gcion ar bhaill an Chonartha thar na blianta. Bhí tionchar mór ag Conradh na Gaeilge ar chur chun cinn na Gaeilge sa státchóras i mblianta luatha an tSaorstáit, sna naoi déag fichidí, ach laghdaigh ar thionchar an Chonartha de réir mar a lean an fichiú haois ar aghaidh. Anois, sa lá atá inniu ann, tá an Conradh gníomhach i bhfeachtais éagsúla cosúil le cearta teanga agus reachtaíocht teanga agus i gcur chun cinn an ghaeloideachais ar fud na hÉireann.